

FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal poist	Speisialtóir TF (F/B)
Feidhmghrúpa/grád	AD 6
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Tagairt	EXT/22/82/AD6/DTD - IT Specialist
Spriocdháta le haghaidh iarratas	11/07/2022 23.59 Am Alicante (Am Lár na hEorpa)
Áit fostaíochta	Alicante, AN SPÁINN
Liosta ionadaithe bailí go dtí an	31/12/2023
An líon iarrthóirí ar an liosta ionadaithe	45

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) chun liosta ionadaithe a bhunú óna líonfar folúntas/folúntais mar Speisialtóirí TF i réimsí na hAiltireachta, na Forbartha Feidhmchláir nó na nOibríochtaí agus an Bhonneagair.

Tá gairmithe an-eolach agus an-inniúil á lorg ag an Oifig chun cur le dearadh, cur chun feidhme, cothabháil agus feabhsú seirbhísí TF sna réimsí seo: Ailtireacht, Teicneolaíochtaí Nua, an Chibearshlándaíl, an Néalrialachas, Líonra agus Teileachumarsáid TF, Bainistíocht Céannachta agus Rochtana, Oibríochtaí TF agus uathobriú seirbhísí, Rath Eispéaras na gcustaiméirí agus ról Deisce Cabhrach.

Is é is aidhm don nós imeachta roghnúcháin folúntais fholmha a líonadh sa Roinn um Chlaochlú Digiteach (DTD). Is féidir go n-úsáidfean an liosta ionadaithe seo chun daoine a earcú chuig poist den chineál céanna i rannóga eile, ag brath ar na riachtanais atá ag EUIPO.

1. CÚLRA

1.1 EUIPO

Daingnítear Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) mar gheall ar bhreis agus [25 bliain d'obair](#) ar Mhaoine Intleachtúil. Is gníomhaireacht neamhspleách, féinmhaoinithe, neamhbhrabúsach de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) í atá freagrach as trádmarcanna agus dearáí san AE a chlárú agus tá sí ar cheann de na comhlachtaí is nuálaí agus is forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de i réimse na Maoine Intleachtúla. Go deimhin, tá teicneolaíochtaí nua amhail an Intleacht Shaorga (AI) nó blocshlabhra leabaithe go hiomlán i gcleachtas EUIPO maidir lena thairiscint ghnó uathúil agus dhosháraithe a riar: trádmarcanna agus dearáí a chlárú agus a chosaint don Eoraip ar fad ar bhealach cost-éifeachtúil, iontaofa agus tráthúil.

Tá glactha ag EUIPO go hiomlán leis na treochtaí nua Maoine Intleachtúla maidir le domhandú agus leis an tábhacht a bhaineann le forfheidhmiú, rud atá ag teacht chun cinn. Ó 2013 i leith, tá an Oifig freagrach as taighde Maoine Intleachtúla, as cumarsáid, as comhroinnt eolais agus as comhoibriú

le húdaráis forfheidhmithe, lena gcumhdaítear gach Ceart Maoine Intleachtúla, tríd an bhFaireachlann Eorpach um Shárúithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (an Fhaireachlann).

Ní hamháin go n-oibríonn EUIPO san Eoraip, ach mhéadaigh sé a lorg chuig na cúig ilchríoch freisin agus tá tionscadail arna gcistiú ag AE maidir le Maoin Intleachtúil á gcur chun feidhme aige, mar shampla, sa tSín, san Áise Thoir Theas, i Meiriceá Laidineach, sa Mhuir Chairib agus san Afraic.

Le roinnt blianta anuas, tá EUIPO ag gabháil go láidir do mhodheolaíochtaí láidre bainistíochta tionscadail mar mheicníocht is fearr chun an clár oibre athraithe a chuimsítear i bPleananna Straitéiseacha a thagann i ndiaidh a chéile a chur i bhfeidhm, a bhfuil an ceann deireanach acu, is é sin, SP2025, ar siúl faoi láthair.

Is gníomhaireacht dhíláráithe fhéinchistithe é EUIPO agus is í an Ghníomhaireacht AE is mó riamh í. Ar aon dul le forbairt gheilleagrach na hEorpa agus leis an ionchur méadaitheach a rannchuidíonn EUIPO leis an bhforbairt sin, tá méadú ó thaobh fairsinge agus doimhneachta de tagtha ar fhórsa saothair EUIPO freisin, agus is ann d'éagsúlacht próifílí níos mó (e.g. speisialtóirí sa chomhar idirnáisiúnta, saineolaithe san intleacht shaorga, anailísithe sonraí, etc.) i gcomhthéacs leibhéal gnó isteach agus leibhéal feidhmíochta amach atá go hard ar an iomlán. Cuimsítear i mbeartais foirne EUIPO timpeallacht atá corraitheach ón taobh gairmiúil de, lena n-áirítear tionscnaimh cheannródaíochta éagsúla amhail cláir mheantóireachta agus chóitseála, inniúlacht comhairle gairme agus pleanála comharbais, soghluaisteacht inmheánach agus sheachtrach, lena n-áirítear soghluaisteacht chuig eagraíochtaí lasmuigh den AE, agus ullmhacht d'intleacht shaorga. Mar gheall ar thionscadail straitéiseacha reatha agus roimhe seo, tugadh aitheantas don Oifig mar Oifig Nuálach Trádmhairc 'Uimhir a hAon' in 2021¹.

Tá suíomh iontach ag [EUIPO](https://euiipo.europa.eu), agus é lonnaithe cois farraige in Alicante ar champas a osclaíodh go hoifigiúil le déanaí, áit a mbaineann baill foirne tairbhe as áiseanna EUIPO (amhail seirbhísí miondíola, saoráidí spóirt, etc.). Ina theannta sin, tá Scoil Eorpach in Alicante. Ó 2008 i leith, tá an Oifig tiomanta dá tionchar ar an gcomhshaol a laghdú trí thionscnaimh fairsinge a chur chun feidhme. Tá a suíomh geografach in Alicante nasctha go maith, agus naisc traenach ardluais ann le go leor áiteanna agus tá an ceathrú aerfort is mó sa tír ann freisin. Cuireann EUIPO meascán uathúil de dheiseanna gairmiúla agus de chaighdeán maith saoil ar fáil.

Is eagraíocht bhríomhar ilchultúrtha í EUIPO a bhfuil Béarla, Francis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis mar theangacha oibre aici.

Féach an láithreán gréasáin seo a leanas chun tuilleadh faisnéise a fháil:

<https://euiipo.europa.eu/ohimportal/en/home>

1.2 AN ROINN UM CHLAOCHLÚ DIGITEACH

Tá an Roinn um Chlaochlú Digiteach (DTD) freagrach as na gníomhaíochtaí agus as na hoibríochtaí uile a bhaineann le cur chun feidhme straitéis dhigiteach na hOifige, lena n-áirítear modhanna oibre agus uirlisí a shainiú, a oibriú agus a chur in oiriúint le himeacht ama. Tagann Forbairt Táirgí Digiteacha faoi chúram na Roinne sin amháin. Tá Stiúirthóir freagrach as an Roinn agus faigheann sé/sí cúnaimh ó chúigear Ceann Seirbhíse.

An tSeirbhís Oibríochtaí agus Bonneagair, atá freagrach as an mbonneagar TF agus an

¹ <https://www.worldtrademarkreview.com/report/special-reports/q4-2021/article/wtrs-annual-ip-office-innovation-ranking-reveals-the-trademark-agencies-the-cutting-edge>

timpeallacht oibre a bhainistiú agus a fheidhmiú, agus as cúrsaí cibearshlándála a bhainistiú.

An tSeirbhís Pleanála, atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar phleanáil TF, bainistíocht tionscadal TF agus gníomhaíochtaí tacaíochta TF, mar aon le comhuirlisí EUIPN a bhainistiú agus a chur chun cinn.

An tSeirbhís um Theicneolaíochtaí Nua, atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí féideartha agus táirgí nua agus iad a mheasúnú, lena n-áirítear cruthúnais choincheapa, agus iad a bhainistiú agus a chur chun cinn.

An tSeirbhís um Anailís Ghnó, atá freagrach as modhanna oibre nua a bhunú, as riachtanais ghnó ar bhonn sonraí, as an tairbhe atá le baint astu a thomhas, as próisis ghnó a fheabhsú, agus as mianadóireacht sonraí.

An tSeirbhís Ailtireachta, atá freagrach as an ailtireacht fiontair fhoriomlán, lena n-áirítear an ailtireacht theicniúil agus na caighdeáin chomhfhreagracha a ghabhann léi, mar aon le Bainistiú Slándála Faisnéise.

2. DUALGAIS

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi nó na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ceann amháin nó níos mó de na tascanna seo a leanas:

Dualgais ghinearálta

- Soláthraithe tacaíochta teicneolaíochta a bhainistiú i réimsí cur chun feidhme, comhairleachta, dearbhaithe cáilíochta bogearraí agus/nó oibríochtaí TF, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí conarthacha, a áirithiú go gcomhlíontar leibhéal seirbhíse chomhaontaithe;
- A áirithiú go bhfuil nósanna imeachta oibriúcháin agus cleachtais oibre oiriúnach don fheidhm agus suas chun dáta;
- Feabhsuithe próisis a phleanáil, a fheidhmiú agus a chur chun feidhme chun an claochlú digiteach a fheabhsú;
- Deiseanna nuálaíochta agus réimsí taighde nua a shainaitheint;
- Saincheisteanna uasghrádaithe córas a bhainistiú, amhail slándáil, a mhéid is féidir, córas a uasghrádú, agus athúsáid córas agus comhpháirteanna;
- Straitéis na heagraíochta a chur i bhfeidhm agus an straitéis a aistriú ina hailtireacht fiontair chuimsitheach atá idir phragmatach agus insoláthartha;
- Dearaí agus pleananna ailtireachta a bhainistiú lena n-áirítear TF agus tionchair agus tairbhí gnó;
- Comhoibriú le comhlachtaí seachtracha (amhail Oifigí Maoine Intleachtúla eile) chun eolas a chomhroinnt;
- Páirt a ghlacadh i gcoistí agus i gcruinnithe mar speisialtóir/saineolaí teicniúil, lena n-áirítear doiciméid, tuarascálacha, etc. a fhorbairt;

Dualgais shonracha

Ag brath ar an réimse saineolais:

- Réitigh chórais nó fréamhshamhlacha bunaithe ar ailtireachtaí néalbhunaithe agus micrisheirbhísí-bhunaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm;

- Réitigh nuálacha a shainaithint agus a mholadh agus a gcur chun feidhme a stiúradh chun sreafaí oibre forbartha agus próisis a uathobriú agus a chaighdeánú chun feabhas a chur ar eispéireas na bhforbróirí, ar cháilíocht bogearraí, agus chun an meán-am táirgeachta a laghdú;
- Réimsí a shainaithint ina bhféadfadh teicneolaíochtaí nua amhail Intleacht Shaorga agus Blocshlabhra dul chun tairbhe straitéis ghnó agus TF na hOifige, agus comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun obair a dhéanamh ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme na dteicneolaíochtaí nua sin amach anseo;
- Rannchuidiú go gníomhach le dearadh, soláthar, suiteáil, uasghrádú, oibriú, rialú, cothabháil agus úsáid éifeachtach an bhonneagair láidir shlánaithe néalríomhaireachta hibridí agus an bhonneagair TF agus monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht;
- Táirgí agus beartais slándála a shainaithint, a mheasúnú agus a chomhtháthú, lena n-áirítear uirlisí nó beartais slándála shonracha a fhorbairt nó a fheabhsú, lena n-áirítear gníomhartha leanúnachais gnó;
- Rannchuidiú le measúnú slándála, tástáil slándála, bainistíocht laigí, monatóireacht ar tharluithe slándála faisnéise, freagairt ar theagmhais, iniúchtaí slándála TF agus oibríochtaí;

Na dualgais is infheidhme do gach ball foirne

- Obair go gníomhach i dtreo spriocanna EUIPO a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach;
- Aon dualgais agus aon fhreagrachtaí eile a bhaineann leis an obair agus a shannfaidh an bainisteoir líne dóibh a chur i gcrích.

3. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

D'fhonn a bheith inghlactha don nós imeachta roghnúcháin seo, **ní mór** d'iarrthóirí **gach ceann** de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocdháta le haghaidh iarratas a chur isteach:

3.1. Coinníollacha ginearálta²

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a cheart iomlán/a ceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáid arna forchur leis na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith corpacmhainneach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

3.2. Oideachas

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus **3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile** a bheith curtha i gcrích acu, agus é fianaithe le diplóma.

3.3. Taithí ghairmiúil

- **Taithí ghairmiúil lánaimseartha ábhartha 5 bliana³** ar a laghad a bheith acu ar na cúraimí a thuiriscítear faoi 'Dualgais' agus ag leibhéal na gcúraimí sin chomh maith

3.4. Scileanna teanga

- **Eolas cuimsitheach** a bheith acu ar **cheann amháin de theangacha oifigiúla AE** (leibhéal **C1** ar a laghad) – Teanga 1

² Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

³ Áirítear taithí ghairmiúil ón dáta a baineadh amach an diplóma a éilítear faoi phointe 3.2.

- **Eolas maith** a bheith acu **ar an mBéarla** (leibhéal **B2** ar a laghad) – Teanga 2.⁴

Comhfhreagraíonn na leibhéil atá luaite do [Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha](#).

4. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

D'ainneoin na taithí riachtanaí a bhunaítear faoi phointe 3 den fhógra folúntais reatha (critéir incháilitheachta), go háirithe faoi phointe 3.3, úsáidfídh an Oifig na critéir seo a leanas chun na hiarrthóirí is mó cáilíocht a roghnú le haghaidh chéim an agallaimh agus na trialach:

1. Eolas ginearálta ar chaighdeáin, ar bheartais agus ar nósanna imeachta idirnáisiúnta agus TF amhail ISO 27001, ITIL nó a choibhéis.
2. Taithí léirithe ar thascanna oibriúcháin TF a bhainistiú (de réir chreat ITIL) in aon réimse amháin díobh seo a leanas ar a laghad:
 - Dearadh, Forbairt agus Bainistíocht Feidhmchlár TF
 - Bainistíocht Teagmhas agus Fadhbanna TF
 - Bainistíocht Athraithe agus Eisithe TF
 - Bainistíocht Leanúnachais Seirbhíse agus Acmhainneachta TF
 - Bainistíocht Bonneagair TF
 - Bainistíocht Slándála TF
 - Bainistíocht Acmhainní TF
 - Bainistíocht ar Chatalóg Seirbhísí agus ar Iarrataí Seirbhísí TF
 - Bainistíocht Deisce Cabhrach TF
 - Bainistíocht ar Dhearadh Seirbhísí agus Leibhéal Seirbhísí TF
 - Bainistíocht Soláthraithe agus Soláthraithe Seirbhíse TF
3. Taithí léirithe in aon teicneolaíocht TF amháin ar a laghad amhail Intleacht Shaorga, Néalríomhaireacht (lena n-áirítear Azure agus/nó AWS), Blocshlabhra, teicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcibearshlándaíl, an Ríomhaireacht Chandamach, Líonra agus Teileachumarsáid, Bonneagar mar Chód, etc.
4. Taithí ghairmiúil chruthaithe ar bheith ag obair i dtimpeallacht idirnáisiúnta/ilchultúrtha.

I dteannta na gcritéir thuas, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig an agallamh a mheasúnú i gcoinne na riachtanas seo a leanas freisin:

Inniúlachtaí

- **Cumarsáid:** cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;
- **Anailís agus Réiteach Fadhbanna:** na fíricí criticiúla i saincheisteanna casta a aithint agus réitigh chruthaitheacha agus phraiticiúla a fhorbairt ina leith;
- **Obair le Daoine Eile:** obair a dhéanamh i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus trasna teorainneacha eagrúcháin, agus urraim a léiriú do na difríochtaí atá ann idir daoine; meon dearfach foirne a chruthú trí spriocanna comhroinnte agus malartú eolais agus taithí a spreagadh;
- **Foghlaim agus Forbairt:** scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú; gabháil orthu féin oiliúint a chur ar dhaoine eile, eolas a chomhroinnt agus modhanna oibre a fheabhsú go córasach;

⁴ Ní mór an teanga sin a bheith éagsúil le Teanga 1.

- **Beartú Tosaíochta agus Eagrúchán:** an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, a bheith ag obair ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;
- **Teacht Aniar:** a bheith in ann obair éifeachtach a dhéanamh faoi bhrú, a bheith solúbtha agus a bheith in ann oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú; spreagadh a thabhairt do dhaoine eile an méid sin a dhéanamh agus a gcur chuige féin agus cur chuige a bhfoirne a choigeartú chun déileáil le cúinsí a bhíonn ag athrú;
- **Cáilíocht agus Torthaí:** freagracht phearsanta a ghlacadh as obair a chur i gcrích de réir caighdeán ard, as a stuaim féin agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos; díriú go soiléir ar an gcustaiméir (custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon); modhanna córasacha, críochnúla a chur le tionscadail agus le hobair dá gcuid féin agus de chuid a bhfoirne féin;
- **Ceannaireacht:** daoine agus foirne a threorú agus a bhainistiú ar mhaithe le torthaí a bhaint amach; cúraimí oibre a dháileadh go cuí i measc a bhfoirne féin agus treoracha soiléire a sholáthar ina leith; daoine a spreagadh chun bheith díograiseach dearfach maidir lena gcuid oibre agus maidir leis an méid a chuireann siad le héachtaí EUIPO.

5. AGALLAIMH

Réamhroghnú

I gcás iarrthóirí inghlactha a bhfuil na hiarratais uathu ina measc siúd is fearr atá cáilithe i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin atá sonraithe faoi phointe 4, féadfar dul i dteagmháil leo d'fhonn a gcuid scileanna teanga a fhíorú (go háirithe an Béarla labhartha), mar aon le fianaise a fháil ar an taithí ghairmiúil agus/nó scileanna, eolas agus inniúlachtaí eile atá acu. Leis an teagmháil réamhroghnúcháin seo amháin, ní bhíonn iarrthóirí i dteideal cuireadh chun agallaimh a fháil: is céim í sa phróiseas chun na hiarrthóirí is oiriúnaí a roghnú le cuireadh chun agallaimh a fháil.

Agallamh

Déanfar na hagallaimh go fíorúil agus, de bharr chineál an phoist, is i mBéarla a dhéanfar iad. Is féidir go ndéanfar teangacha ábhartha eile a luaitear in iarratas/CV an iarrthóra a mheas de réir na leibhéal atá léirithe san fhógra folúntais seo.

Tástálfar san agallamh inspreagadh agus oiriúnacht an iarrthóra agus an t-eolas atá aige/aici ar ábhair a bhaineann leis na dualgais atá le comhlíonadh agus na critéir roghnúcháin a bhunaítear san fhógra folúntais (eolas teicniúil agus inniúlachtaí iompraíochta).

Iarrfar ar iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh na teistiméireachtaí gairmiúla cuí a chur ar fáil sula bhfreastalóidh siad ar an agallamh.

6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Chun faisnéis ghinearálta a fháil faoi na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta in EUIPO, mar aon leis na coinníollacha fostaíochta a ghabhann leo, féach an [nasc](#) seo.

7. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas a dhéanamh, cliceáil ar an [nasc](#) seo.

Na doiciméid go léir atá ar áireamh mar naisc nó a ndéantar tagairt dóibh laistigh de chomhthéacs an fhógra seo, meastar iad a bheith ina gcuid den fhógra folúntais reatha.

Tábhachtach:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gurb ionann an fhaisnéis a sholáthraítear ina n-iarratas/ina CV/ina bpróifíl agus bunús an mheasúnaithe ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Iarrtar orthu, dá bhrí sin, na riachtanais a léamh go cúramach agus an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil le dóthain mionsonraí chun gur féidir an measúnú seo a dhéanamh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis faoina n-oideachas agus a dtáithí ghairmiúil, go háirithe dátaí cruinne, cur síos ar fhreagrachtaí, tascanna a rinneadh agus uirlisí a úsáideadh.

* *Más ann do neamhréireachtaí idir na leaganacha teanga difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.*